C/2025/334

10.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11855 – MACQUARIE / DOW / DOW INFRACO JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/334)

1. An 20 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Dow Inc. ('Dow', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— InfraPark Holdings, LLC ('InfraPark', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited ('Macquarie', An Astráil),

— Dow InfraCo LLC, ('InfraCo', Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú Dow faoi láthair.

Gheobhaidh Dow agus Macquarie rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar InfraCo.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ceimiceán éagsúlaithe é Dow a bhfuil a cheanncheathrú sna Stáit Aontaithe. Freastalaíonn sé ar chustaiméirí i margaí amhail pacáistíocht, bonneagar, soghluaisteacht agus feidhmeanna tomhaltóra. Feidhmíonn Dow mar chuideachta shealbhaíochta do The Dow Chemical Group agus dá fhochuideachtaí comhdhlúite.

— Is meán sainchuspóireach é InfraPark a bhfuil sainchónaí air in Delaware (Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú deiridh Macquarie. Is grúpa airgeadais éagsúlaithe é Macquarie a sholáthraíonn réitigh bainistíochta sócmhainní agus airgeadais, baincéireachta, chomhairleacha agus riosca agus caipitil do chliaint ar fud fiachais, cothromais agus tráchtearraí agus tá a cheanncheathrú san Astráil.

— Is cuideachta oibriúcháin atá dírithe ar bhonneagar é InfraCo, lena gcuimsítear láithreáin mhonaraíochta agus píblínte in Texas agus Louisiana a bhaineann le fuinneamh (e.g. dáileadh gáis nádúrtha agus gáis thionsclaíoch, giniúint cumhachta agus gaile) agus seirbhísí comhshaoil (e.g. cóireáil uisce agus fuíolluisce, córais dáilte uisce úr agus uisce fuaraithe) agus seirbhísí bonneagair láithreáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11855 – MACQUARIE / DOW / DOW INFRACO JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË